| An tSraith Shinsearach<br>Staidéar Foirgníochta | Meitheal Forbartha – Cruinniú 4:<br>11 Meán Fómhair 2024<br>Cur Síos Gairid |
|---|---|
| **Mír ar an gClár** | **Nótaí** |
| **Nuashonrú** | Tá Bord Soláthair an Chláir um Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí ag lorg nóta ón meitheal forbartha ina mbeidh a moltaí maidir le socruithe measúnaithe don ábhar. |
| **Aiseolas ón gcomhairliúchán ar líne** | Cuireadh achoimre ar an aiseolas ón gcomhairliúchán ar líne a rinneadh le deireanaí i láthair na meithle forbartha ar mhaithe le bonn eolais a chur faoina cuid oibre. |
| **Príomhinniúlachtaí sa tsraith shinsearach** | D'fhiosraigh an mheitheal forbartha conas is féidir príomhinniúlachtaí na sraithe sinsearaí a fhorbairt trí staidéar a dhéanamh ar Staidéar Foirgníochta. |
| **Scrúdú ar dhréacht-torthaí foghlama – Snáithe 1 & 2** | Bhí plé ann ar na briathra gnímh roghnaithe, príomhchúram na foghlama, agus aon téarmaí féideartha a chaithfí a shoiléiriú. Sainaithníodh deiseanna chun an teanga a bheachtú agus dúbláil a laghdú. |
| **Scrúdú ar dhréacht-torthaí foghlama – Snáithe 3 & 4** | Bhí an mheitheal ag obair ar thorthaí foghlama a dhréachtú do Shnáithe 3 agus do Shnáithe 4. Rinneadh tuilleadh machnaimh ar an gcolún 'foghlaimíonn an scoláire faoi' agus tugadh moltaí chun feabhas a chur air. |
| **Na chéad chéimeanna eile agus an chéad chruinniú eile** | Cuirfear na dréacht-torthaí foghlama le haghaidh na gceithre shnáithe staidéir in iúl roimh an gcéad chruinniú eile.<br><br>Rinne an cathaoirleach machnamh ar an obair a rinneadh agus ghabh buíochas leis na baill as a bheith i láthair agus as an méid a rinne siad.<br><br>**An chéad chruinniú eile:** 23 Meán Fómhair 2024 |